**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0220/2023**

28.6.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra
(COM(2022)0304 – C9-0208/2022 – 2022/0195(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: César Luena

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Anne Sander, An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe
Caroline Roose, An Coiste um Iascach

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE......6

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IASCACH.........................................................................9

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ....................................................16

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........17

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra**
**(COM(2022)0304 – C9-0208/2022 – 2022/0195(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0304),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0208/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Eanáir 2023[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 9 Feabhra 2023[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe agus ón gCoiste um Iascach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0220/2023),

1. ag diúltú don togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---
[1] IO C 140, 21.4.2023, lch. 46.
[2] IO C 157, 3.5.2023, lch. 38.

24.5.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra
(COM(2022)0304 – C9-0208/2022 – 2022/0195(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Anne Sander

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**–**

| | |
|---|---|
| | *Togra le haghaidh diúltú* |
| | ***Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste freagrach, diúltú an togra ón gCoimisiún a mholadh.*** |

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Athchóiriú an dúlra |
| **Tagairtí** | COM(2022)0304 – C9-0208/2022 – 2022/0195(COD) |
| **An coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>4.7.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>4.7.2022 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 24.11.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Anne Sander<br>10.11.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 30.1.2023 22.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 23.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 30<br>–: 16<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Álvaro Amaro, Attila Ara-Kovács, Benoît Biteau, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Elena Lizzi, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Anna Deparnay-Grunenberg, Jan Huitema, Irène Tolleret, Tom Vandenkendelaere |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mohammed Chahim, Matthias Ecke |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 30 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Angelo Ciocca, Ivan David, Paola Ghidoni, Gilles Lebreton, Elena Lizzi |
| PPE | Álvaro Amaro, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Tom Vandenkendelaere |
| Renew | Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Jan Huitema, Elsi Katainen, Ulrike Müller, Irène Tolleret |
| The Left | Chris MacManus |

| 16 | - |
|---|---|
| NI | Dino Giarrusso |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Isabel Carvalhais, Mohammed Chahim, Paolo De Castro, Matthias Ecke, Camilla Laureti, Maria Noichl, Juozas Olekas |
| The Left | Luke Ming Flanagan |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Anna Deparnay-Grunenberg, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

| | Ceartúcháin ar vótaí agus intinní vótála |
|---|---|
| + | |
| - | |
| 0 | Jérémy Decerle |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

26.5.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IASCACH

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra
(COM(2022)0304 – C9-0208/2022 – 2022/0195(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Caroline Roose

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

In 2019, tugadh rabhadh domhanda ar an Ardán Idir-Rialtasach ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES): 'Tá meath ag teacht ar an dúlra ar ráta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i stair an duine agus tá an ráta díothaithe speiceas ag géarú, rud is cúis le héifeachtaí tromchúiseacha ar dhaoine ar fud an domhain[1].' Ach léiríodh sa tuarascáil sin freisin nach raibh sé ródhéanach gníomhú, ach gníomhú go tapa chun an dúlra a chaomhnú agus a athchóiriú.

Leagadh béim i dTuarascáil 2019 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil dar teideal *Marine messages II* [Teachtaireachtaí Muirí II][2] ar an ngéarghá atá le gníomhaíocht a dhéanamh chun éiceachórais mhuirí a athchóiriú, lena n-áirítear athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú agus deireadh a chur le cailliúint na bithéagsúlachta. I dTuarascáil Speisialta 2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Marine environment: EU protection is wide but not deep* [An Mhuirthimpeallacht: tá cosaint AE fairsing gan a bheith domhain][3], rinneadh athbhreithniú ar reachtaíocht a bhí ann cheana agus léiríodh 'nach raibh téarnamh éiceachóras agus gnáthóg suntasach mar thoradh ar rialacha cosanta an Aontais'.

[1] IPBES, 2019: *Global assessment report on biodiversity and ecosystem services of the Intergovernmental Science-Policy Platform on Biodiversity and Ecosystem Services* [Tuarascáil mheasúnachta dhomhanda ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais].
[2] Tuarascáil Uimh. 17/2019 ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil: *Marine messages II: Navigating the course towards clean, healthy and productive seas through implementation of an ecosystem-based approach*. [Teachtaireachtaí Muirí II: An cúrsa a stiúradh i dtreo farraigí glana sláintiúla agus táirgiúla trí chur chuige bunaithe ar éiceachóras a chur chun feidhme].
[3] Tuarascáil Speisialta 26/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Marine environment: EU protection is wide but not deep* [An Mhuirthimpeallacht: tá cosaint AE fairsing gan a bheith domhain].

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020 nár bhain an tAontas amach an sprioc 15 % ar a laghad d'éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú faoi 2020. Dá bhrí sin, is loighciúil é athchóiriú an éiceachórais a bheith ar cheann de thosaíochtaí Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030.

Leis an rialachán atá beartaithe, ceadaítear an cur chuige a athrú. Mar a d'iarr an Pharlaimint, leagtar amach ann roinnt spriocanna ceangailteacha maidir le hathchóiriú éiceachórais. Beidh ar na Ballstáit na spriocanna sin a chomhlíonadh trí phleananna náisiúnta maidir le hathchóiriú an dúlra a bhunú, rud a chiallódh go bhféadfadh an cur chun feidhme a bheith chomh gar agus is féidir do na limistéir lena mbaineann.

Baineann Airteagal 5 den togra go díreach le héiceachórais mhuirí agus, dá bhrí sin, le hearnáil an iascaigh. Roghnaigh an Rapóirtéir gan aghaidh a thabhairt sa dréacht-tuairim seo ar Airteagail 4 agus Airteagail 6 go 10, a bhaineann le héiceachórais eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur dócha go mbeidh tionchar dearfach ag athchóiriú na n-éiceachóras sin (éiceachórais chósta, sruthchúrsaí) ar iascaigh mhuirí, mar shampla trí dheireadh a chur le truailliú a mbíonn tionchar aige ar éiceachórais mhuirí nó trí láithreacha sceite agus plandlanna a athchóiriú in áiteanna a síolraíonn speicis mhuirí áirithe.

Tá athchóiriú na n-éiceachóras muirí fite fuaite le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI). Gan éiceachórais a bheith i riocht maith, ní féidir líon sláintiúil iasc a bheith ann agus, dá bhrí sin, ní féidir aon ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanamh. Tá ról lárnach ag athchóiriú na n-éiceachóras muirí díghrádaithe in inbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí iascaireachta. Tá sé ag teacht go hiomlán le coincheap an bhainistithe iascaigh bunaithe ar éiceachórais faoi CBI.

Beidh gá le bearta um chosaint spásúil a chur chun feidhme chun éiceachórais a athchóiriú. Léiríodh i staidéar a rinne Roinn Beartais Pharlaimint na hEorpa um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe le déanaí maidir le costais agus tairbhí na mbeart um chosaint spásúil mar uirlisí le haghaidh bainistiú iascaigh[4] go bhfuil buntáiste eacnamaíoch ag baint le tabhairt isteach na mbeart sin d'earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe, go bhfágann siad gur féidir gabhálacha a chobhsú in áiteanna ina bhfuil siad ag laghdú, agus go mbíonn cruthú post agus ioncam méadaithe d'iascairí ar mionscála ag gabháil leo.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir le cur chuige ginearálta an togra le haghaidh rialacháin agus is mian léi aird a tharraingt ar cheithre phointe go háirithe.

**Spriocanna an athchóirithe**

Leagtar amach sa togra le haghaidh rialacháin spriocanna don réimse a bhfuil bearta athchóirithe le cur i bhfeidhm ina leith. Cé go bhfuil sé de bhuntáiste ag na spriocanna sin atá bunaithe ar acmhainní gur féidir iad a thomhas go héasca, ní mór spriocanna atá bunaithe ar thorthaí a bheith ag gabháil leo. Ar bhonn na rún ón bParlaimint, moltaí ón Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha (IUCN) agus Straitéis Bhithéagsúlachta AE, molann an Rapóirtéir spriocanna chun 30 % ar a laghad d'éiceachórais mhuirí dhíghrádaithe a athchóiriú faoi 2030, 60 % faoi 2040 agus 90 % faoi 2050. Chun na spriocanna sin atá bunaithe

[4] *Costs and benefits of spatial protection measures as tools for fisheries management* [Costais agus tairbhí na mbeart um chosaint spásúil mar uirlisí le haghaidh bainistiú iascaigh], PE 733.087 - Iúil 2022.

ar thorthaí a bhaint amach, molann an Rapóirtéir freisin na spriocanna bunaithe ar acmhainní a mhéadú.

**Bearta a chur chun feidhme chun éiceachórais mhuirí a athchóiriú**

Ní hionann athchóiriú éiceachóras muirí agus athchóiriú cineálacha eile éiceachóras mar gheall ar chineál trasnáisiúnta na n-éiceachóras muirí. Foráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas i réimse chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara. Cé go mbeidh na Ballstáit in ann na bearta is gá a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta chun a bpleananna náisiúnta athchóirithe a chur chun feidhme d'éiceachórais eile, is annamh a bheidh sé sin indéanta le haghaidh éiceachórais mhuirí.

Roghnaigh an Coimisiún glacadh beart athchóirithe a bhunú ar uirlisí CBI atá ann cheana, go háirithe Airteagail 11 agus 18 de bhunrialachán CBI (Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013).

Fágann na sásraí atá i bhfeidhm faoi CBI, maidir le gach Ballstát a bhfuil leas aige i mbainistiú gníomhaíochtaí iascaireachta a ndéantar difear dóibh leis an mbeart, nach mór don Bhallstát sin aontú leis an mbeart sin. Mar gheall ar an gceanglas comhaontachta sin, is casta na bearta is gá a ghlacadh. Léirigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in 2020, ar feadh tréimhse 7 mbliana, nár éirigh leis an nós imeachta sin ach i líon an-bheag cásanna.

Dá bhrí sin, is fíorbhaolach nach mbeidh na Ballstáit a bhfuil bearta caomhnaithe curtha san áireamh acu ina bpleananna náisiúnta athchóirithe in ann iad a chur chun feidhme má chuireann Ballstát eile ina gcoinne. D'fhéadfaí bac a chur ar na bearta is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán a bhaint amach.

Chun an cás sin a sheachaint, ba cheart comhar idir na Ballstáit a spreagadh agus a bpleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú acu. Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit moltaí comhpháirteacha a thíolacadh ag an am céanna leis an dréachtphlean um athchóiriú. A luaithe a ghlacfar an plean deiridh um athchóiriú, ba cheart sprioc-am 12 mhí a leagan síos do na Ballstáit chun moltaí comhpháirteacha a thíolacadh mura bhfuil siad glactha cheana féin. Ar deireadh, i gcás bac a bheith ann, ba cheart go mbeadh an Coimisiún Eorpach in ann leas a bhaint as an nós imeachta práinne dá bhforáiltear i mbunrialachán CBI.

**Speicis ar gá a ngnáthóg a athchóiriú**

Tá thart ar 20 speiceas sa liosta de speiceas ar gá a ngnáthóg a athchóiriú (Iarscríbhinn 3) agus tá roinnt mhaith easnamh ann. Measann an Rapóirtéir gur cheart an liosta a leathnú chun na speicis bhreise sin a chumhdach trí speicis a chur leis a dhéantar a aicmiú mar speicis atá i mbaol criticiúil nó atá i mbaol de réir chatagóirí IUCN, chomh maith le speicis tráchtála a gcuirfeadh athchóiriú a ngnáthóg feabhas ar stádas na stoc sin agus a rachadh chun tairbhe d'iascairí san fhadtéarma.

**Trédhearcacht agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí**

Beidh cur chun feidhme rathúil an Rialacháin seo ag brath go mór ar thiomantas na bpobal áitiúil, go háirithe tiomantas na n-iascairí, d'athchóiriú na n-éiceachóras muirí. Measann an Rapóirtéir gur cheart na forálacha maidir le comhairliúchán le geallsealbhóirí agus trédhearcacht atá sa togra le haghaidh rialacháin a neartú. Tá sé inmhianaithe freisin nuashonrú níos minice a dhéanamh ar na pleananna náisiúnta um athchóiriú chun a bheith in ann na sonraí

agus na measúnuithe a bheidh ar fáil a chur san áireamh a luaithe is féidir.

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go ndiúltófaí an togra ón gCoimisiún.

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Athchóiriú an dúlra |
| **Tagairtí** | COM(2022)0304 – C9-0208/2022 – 2022/0195(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>4.7.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH<br>4.7.2022 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 24.11.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Caroline Roose<br>15.9.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 30.11.2022 24.1.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 13<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, François-Xavier Bellamy, Isabel Carvalhais, Maria da Graça Carvalho, Asger Christensen, Rosa D’Amato, Francisco Guerreiro, Niclas Herbst, Jan Huitema, France Jamet, Predrag Fred Matić, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Marc Tarabella |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Martin Hlaváček, Ska Keller, Gabriel Mato, Raffaele Stancanelli, Lucia Vuolo, Stéphanie Yon-Courtin |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Anna-Michelle Asimakopoulou, Marco Campomenosi, Clare Daly, Gilles Lebreton, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 15 | + |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Raffaele Stancanelli |
| ID | Marco Campomenosi, France Jamet, Gilles Lebreton |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Anna-Michelle Asimakopoulou, François-Xavier Bellamy, Maria da Graça Carvalho, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Lucia Vuolo |
| Renew | Asger Christensen, Martin Hlaváček, Jan Huitema |

| 13 | - |
|---|---|
| NI | Marc Tarabella |
| Renew | Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić |
| The Left | Clare Daly, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Ska Keller, Caroline Roose |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Athchóiriú an dúlra |
| **Tagairtí** | COM(2022)0304 – C9-0208/2022 – 2022/0195(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 23.6.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>4.7.2022 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI 4.7.2022<br>AGRI 4.7.2022<br>PECH 4.7.2022 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | REGI<br>12.7.2022 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH 24.11.2022<br>AGRI 24.11.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | César Luena<br>12.7.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 12.1.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 27.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 44<br>–: 44<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Maria Arena, Margrete Auken, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Andreas Glueck, Catherine Griset, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Karin Karlsbro, Petros Kokkalis, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Marina Mesure, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Grace O'Sullivan, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Nils Torvalds, Edina Tóth, Achille Variati, Mick Wallace, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Biljana Borzan, Milan Brglez, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Antoni Comín i Oliveres, Rosanna Conte, Norbert Lins, Marisa Matias, Sara Matthieu, Robert Roos, Christel Schaldemose, Róża Thun und Hohenstein, Sarah Wiener |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Herbert Dorfmann, Lena Düpont, Roman Haider, Jarosław Kalinowski, Rob Rooken, Bert-Jan Ruissen, Simone Schmiedtbauer, Sara Skyttedal, Romana Tomc |
| **Dáta don chur síos** | 28.6.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 44 | + |
|---|---|
| NI | Antoni Comín i Oliveres, Maria Angela Danzì |
| Renew | Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Martin Hojsík, Karin Karlsbro, María Soraya Rodríguez Ramos, Róża Thun und Hohenstein, Nils Torvalds, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Maria Arena, Marek Paweł Balt, Biljana Borzan, Milan Brglez, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Christophe Clergeau, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, César Luena, Javi López, Alessandra Moretti, Nikos Papandreou, Christel Schaldemose, Achille Variati, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Petros Kokkalis, Marisa Matias, Marina Mesure, Silvia Modig, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Sara Matthieu, Tilly Metz, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Sarah Wiener |

| 44 | - |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Nicola Procaccini, Rob Rooken, Robert Roos, Bert-Jan Ruissen, Anna Zalewska |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Rosanna Conte, Gianna Gancia, Catherine Griset, Roman Haider, Sylvia Limmer, Maria Veronica Rossi |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth |
| PPE | Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Franc Bogovič, Traian Băsescu, Christian Doleschal, Herbert Dorfmann, Lena Düpont, Agnès Evren, Adam Jarubas, Jarosław Kalinowski, Peter Liese, Norbert Lins, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Dolors Montserrat, Francesca Peppucci, Jessica Polfjärd, Simone Schmiedtbauer, Christine Schneider, Sara Skyttedal, Romana Tomc, Esther de Lange |
| Renew | Andreas Glueck, Jan Huitema, Erik Poulsen, Emma Wiesner |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh